

## Gaelscoil na Camóige

Nuachtlitir, 18 Nollaig 2017

<b>Seirbhís Carúil/ Carol Services</b>	<p>Bhí Seirbhís Carúil álainn, aoibheann againn ar an gCéadaoin sa séipéal i gCnoc Mitin. Chan na páistí amach go binn agus bhain gach duine an-thaitneamh as. Mo bhuíochas leis na múinteoirí agus na Cuntoirí Ranga a rinne an-obair go deo ag réitiú na páistí. Mo bhuíochas freisin leis an Múinteoir Eimear a stiúraigh an Seirbhís. <i>We had a lovely Carol Service on Wednesday in Knockmitten Church. The children sang their carols beautifully and everyone enjoyed the Service. A huge thank you to the teachers and SNAs for all their work in preparing the children. I would also like to thank Múinteoir Eimear who directed the Carol Service. The Carol Services for all classes were absolutely beautiful, maith sibh!</i></p>
<b>Laethanta Saoire/ Christmas Holidays</b>	<p>Beimid ag fáil laethanta saoire na Nollag ar an Aoine, an 22 Nollaig ag 12.00. <i>We will be closing for our Christmas holidays on Friday, December 22<sup>nd</sup> at 12.00</i></p>
<b>Ranganna Ealaíne</b>	<p>Chríochnaigh na ranganna ealaíne ar an Máirt seo chaite agus d'éirigh go hiontach le gach éinne!</p> <p><i>The Art Classes finished their first term last Tuesday and everyone enjoyed the classes!</i></p>

<p><b>Club Obair Bhaile</b></p>	<p>Beidh an Club Obair Bhaile ag tosnú ar ais díreach i ndiaidh an Nollag, Dé Luain 8 Eanáir. <i>The Homework Club will re-start on the first day back, Monday the 8<sup>th</sup> January.</i></p>
<p><b>Buíochas le Cairde</b></p>	<p>Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCoiste CAIRDE, Mary, Fiona, Jeff agus na tuismitheoirí uilig a chabhraíonn agus a thacaíonn leis an scoil i gcónaí. Déanann CAIRDE obair dochreidte chuile bhliain agus tá ról fíor-thábhachtach acu sa scoil. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach tuismitheoir a chabhraigh le Boinn na bPáistí, a chaith ama ag pacáil málaí ar son na scoile agus a chabhraigh leis an gcóras Accelerated Reading. Molaim go hard sibh ar fad agus Nollaig Shona daoibh!</p> <p><i>I would like to thank the CAIRDE committee, Mary, Fiona and Jeff and all of the parents who help and support the school always. CAIRDE do fantastic work every year and they have a very important role in the running of the school. I would like to thank all those parents who have helped with all the activities this term, Boinn na bPáistí, bag packing, Accelerated Reading work and much more. Wishing you all a Happy Christmas and a well-deserved break!</i></p>
<p><b>Harry</b></p>	<p>Is cúis brónach dom a rá gur shocraigh Harry, feighlí na scoile, éirí as a phost linn. Beidh lá deireanach Harry ar an Aoine seo, 22 Nollaig. Thosaigh Harry linn sa bhliain 2001, agus tá 17 bhliain caite aige mar chuid lárnach den Chomhphobail Scoile. Ní feighlí amháin é Harry, is cara dílis é le múinteoirí, páistí agus tuistí na scoile. Tá gaol thar a bheith speisialta ag Harry leis na bpáistí, agus tá cuimhní álainn ag gach páiste ar “Harry Potter” mar a ghlaotar air. Choinnigh Harry ár scoil le chéile ar feadh na blianta agus bhí liosta fada postanna le déanamh aige i gcónaí. É sin ráite, an príoracht is mó a bhí aige go minic, ná liathróid a d’imigh ar strae a aimsiú do pháiste bocht! Thug Harry, an bronntanas Ceoil don scoil chomh maith, ceol aoibheann, de Mic Christopher, mac le Harry agus Vaun. Cuimhníonn na páistí ar Mic Christopher, tríd a cheol, go minic. Is fear uasail é Harry, cara le gach éinne agus mothóimid ar fad uainn é. Guímid gach rath air sa todhchaí agus guímid blianta sona, sláintiúil amach anseo dó féin agus a bhean chéile Vaun.</p>

<p><b>Harry</b></p>	<p><i>I am heartbroken to say that our wonderful caretaker, Harry, has decided to retire from Gaelscoil na Camóige. Harry will finish his work in Gaelscoil na Camóige on Friday the 22<sup>nd</sup> December.</i></p> <p><i>Harry has worked with us since January 2001, 17 years and he is a huge part of our school community. Harry means much more to us than a school caretaker. He has been a constant friend to all of the staff, children and parents over the years. His friendship with the children has always been unique and so many children have wonderful memories of “ Harry Potter” as he is affectionately known. Harry has kept our school in tip top condition and always has a list of jobs to do. One of his more important jobs, however, is finding a child’s ball that has been kicked onto a roof! The children search for Harry when this happens! Harry also brought the gift of music, music of his son, Mic Christopher, to our school and teachers and children remember Mic Christopher, through his music often. Harry is a gentleman, a friend to all and will be sadly missed. We wish him the very best in his retirement and wish himself and his wife Vaun many happy, healthy years to come.</i></p>
<p><b>CAIRDE</b></p>	<p>Dia dhaoibh, gach duine, we hope everyone is getting excited for Christmas! We certainly had a great help with that last week, with all the children performing so wonderfully in their carol services. Well done to them, and to the teachers, for all their hard work. We sold lots of calendars at the services, but still have some available, please just ask us on the clós. The price is €7 for one, €12 for two, and €15 for three. We have already raised a fantastic amount for our school, go raibh míle maith agaibh.</p> <p>Carol singing at the Mill Centre was just wonderful, the children's beautiful performances had the crowds stopping to listen. It was such a lovely experience. Kudos to Rang a 4, who were significantly lower on numbers due to a nasty bug going around school; they didn't let this stop them. Rang a 5 and Rang a 6 filled the Mill with their voices, and the passersby were very generous, with both their praise and donations. Again, a great amount was raised for school, thank you so much to the children, the teachers who accompanied them, and the parents who donned Santa hats and shook buckets.</p> <p>The total amounts fundraised this year to date are as follows:</p>

	<p>Boinn na bPáistí - €2188          Bag packing - €616          Cartaí Nollaig - €1060          Carol singing - €771          Calendars - Count to be finalised</p> <p>Thanks also to everyone who attended the last Cairde meeting, great discussion went on, and minutes will be circulated shortly.</p> <p>We hope the children will enjoy their last week of school before the Christmas break - there will be a special visitor for them on Friday!</p> <p>We would like to thank everyone for all your help and support this year, we couldn't do it without you. We wish you all a very happy Christmas, and look forward to getting back to work in the New Year.</p> <p>Míle buíochas          Mary, Fiona and Jeff.</p>
<p><b>Tacaíocht Foghlama/ Learning Support</b></p>	<p>Tá an Múinteoir Jenny críochnaithe linn anois mar Mhúinteoir Tacaíocht Foghlama. Beidh Múinteoir Lúca linn don tseachtain seo agus Múinteoir Joan linn i ndiaidh an Nollag. <i>Múinteoir Jenny has now finished working as a Learning Support Teacher with us. Múinteoir Lúca will be with us this week and Múinteoir Joan will be our Learning Support Teacher, alongside Múinteoir Laura, after Christmas.</i></p>
<p><b>Canadh sa Mill</b></p>	<p>Bhí Rang 4,5 agus páistí ó R6 ag canadh amhráin Nollag san Ionad Siopadóireachta, The Mill an tseachtain seo chaite. Bhíodar go hiontach, dea-bhéasach agus ar fheabhas ag canadh. Molaim go hard sibh agus na múinteoirí a bhí leo. <i>4<sup>th</sup>, 5<sup>th</sup> and some children from 6<sup>th</sup> class sang Christmas Carols to raise money for the school last week in The Mill Shopping Centre. They were excellent, very well-behaved and sang beautifully, Well done to all of the children and to the teachers.</i></p>
<p><b>Múinteoir</b></p>	<p>Beidh an Múinteoir Olivia ag dul ar Shaoire Máithreachas ag an Nollaig. Guímid gach rath uirthi. Beidh an Múinteoir Eimear Ní Dhuibhghíolla, ag</p>

<b>Olivia</b>	tosnú i Rang 2 i ndiaidh an Nollag. <i>Múinteoir Olivia will be going on Maternity Leave at Christmas and we wish her all the best. Múinteoir Eimear Ní Dhuibhghiolla, a new teacher to our school, will be starting with Rang 2 after the Christmas holidays.</i>
<b>Tús le Gleacaíocht/ Gymnastics</b>	Beidh na ranganna Gleacaíochta ag tosnú do gach rang ar an Déardaoin 11 Eanáir. <i>All classes will start their Gymnastic Classes on Thursday the 11<sup>th</sup> January.</i>
<b>Focail ón bPríomhoide</b>	<p>Is é an deis a bhíonn agam mo bhuíochas a ghabháil le gach éinne as obair na bliana. Is mór an pléisiúr dom é mo bhuíochas pearsanta a ghabháil le múinteoirí na scoile. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le CAIRDE a rinne sár obair an téarma seo – maith sibh. Is mór an ábhar mórtais dúinn iad daltaí na scoile. Go mion minic deir daoine linn cé chomh béasach agus dea-mhúinte is atá ár bpáistí agus cé chomh maith is atá siad an Gaeilge a labhairt – comhghairdeas libh ar fad! Mar thoradh ar an gcomhoibriú agus an tiomantas neamhchoinníollach ón bhfoireann ar fad, tá scoil dhochreidte iontach againn agus táimid an-bhrodúil amach is amach as an scoil seo againne. ‘Ní neart go cur le chéile’.</p> <p><i>It is at this time of the year I get to thank everyone for all you have achieved throughout the year. It is a genuine pleasure for me to thank our wonderful teaching staff – they do a huge amount of work in a most generous spirit. I would also like to thank our CAIRDE committee for all they have done for the children in the school. As a result of this collaborative atmosphere and unconditional dedication to the teaching and care of the children from all staff members, we have a wonderful school of which we are all extremely proud. ‘Ní neart go cur le chéile’.</i></p>

Is mise le meas,

Aoife Ní Raghallaigh

Príomhoide